Waters of LIFE

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage

Cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach

Comórtas Oscailte le Bainisteoir um Chaidreamh agus Cumarsáide Gheallchoimeádaí Tionscadail a cheapadh (Conradh ar théarma seasta a chríochnaíonn an 31 Márta 2028

Tá iarratais á lorg ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta don phost thuas ar Thionscadal Comhtháite Uiscí LIFE an AE.

Is é an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) Roinn an Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce (lena n-áirítear Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann a chur chun feidhme), pleanáil fhisiceach agus pleanáil spásúlachta, rialtas áitiúil, réamhaisnéisiú na haimsire agus oidhreacht uathúil na hÉireann a chaomhnú agus a bhainistiú ar mhaithe leis na glúine atá ann faoi láthair agus na glúine atá le teacht.

Tá clár LIFE de chuid an Aontais Eorpaigh mar chuid de mhaoiniú an Aontais do ghníomhú ar son na timpeallachta agus na haeráide. Is éard is aidhm le Thionscadal Comhtháite Uiscí LIFE, rud atá faoi chomhchistiú faoin gclár sin, ná dul i ngleic le cailleadh na n-aibhneacha is mó gan mhilleadh in Éirinn. Tá aibhneacha ar ardstádas á gcailliúint go leanúnach, eadhon treocht maidir le caighdeán uisce atá ar cheann de na cúiseanna imní is mó, is faide tarraingthe amach in Éirinn a théann i bhfad siar. Beidh an tionscadal ar bonn i gcúig cheann de dhobharcheantair phíolótacha ar fud na tíre. Is féidir teacht ar na ceantair sin ag suíomh gréasáin an tionscadail (www.watersoflife.ie)

Beidh an t-iarrthóir rathúil mar chuid de phríomhfhoireann an tionscadail, eadhon bainisteoir an tionscadail, riarthóir an tionscadail, bainisteoir GIS/sonraí agus eolaí sinsearach an tionscadail. Tabharfaidh siad tacaíocht don chúigear eolaí atá lonnaithe sna dobharcheantair. Is éard a bheidh i gceist leis an bpríomhról ná bainistiú agus forbairt a dhéanamh ar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus ar thograí agus straitéisí cumarsáide lena gcuirtear obair an tionscadail chun cinn, teachtaireachtaí mealltacha a chur amach, ceannach-isteach sa tionscadal a áirithiú, bearta a chur chun cinn agus caidrimh le páirtithe leasmhara a chruthú agus a fheabhsú.

Ní mór don iarrthóir a bhainfidh an post amach an-taithí a bheith acu ar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara/leis an bpobal agus le cumarsáid i réimse an uisce agus/nó réimse na haeráide agus/nó réimse na bithéagsúlachta, agus sár-scileanna cumarsáide a bheith acu agus é léirithe go maith gur féidir leo coincheapa eolaíochta a mhíniú do rogha leathan pobal ar mheáin éagsúla

Cé go ndéanfar éascaíocht shuntasach ar chianobair, tá príomhoifig an tionscadail i gCromadh, Contae Luimnigh agus beidh sé de cheangal ar an iarrthóir rathúil bheith i láthair san áit sin ó am go chéile. Beidh sé de cheangal ar an iarrthóir a bhainfidh an post amach dul ar cuairt ar dhobharcheantair an tionscadail go réasúnta minic agus sa mhéid a bhfuil gá leis le cúram an róil a bhaint amach.

Eolas Breise
Le haghaidh tuilleadh eolais, cóipeanna de Leabhráin Fáisnéise d'Iarrthóirí agus Foirm Iarratais do na poist uilig, cliceáil anseo le do thoil.

Roinn/Údarás atá ag fostú
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta

Earcaíocht
Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta ag earcú don phost seo faoina Ceadúnas Earcaíochta arna eisiúint ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus de réir Chód Cleachtais an CCSP.

Suíomh Gréasáin na Roinne/an Údaráis atá ag fostú
www.gov.ie/housing

Iarratais
3 PM Déardaoin an 2 Samhain 2023 an dáta deiridh le haghaidh iarratas.

Ba cheart d'iarratasóirí foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur isteach chuig
recruitment@housing.gov.ie

Tabhair faoi deara: Ní mheastar ach iarratais a chuirtear isteach ar an bhfoirm iarratais oifigiúil.
www.gov.ie/housing/recruitment

Dáta Fógraíochta
12 Deireadh Fómhair 2023

Dáta Deiridh le haghaidh Iarratas
3:00 PM Déardaion an 2 Samhain 2023.